# 6. Sochair Thánaisteacha

Is éard is Sochair Thánaisteacha ann ná sochair a d'fhéadfadh a bheith ag dul do dhuine de thoradh íocaíocht dífhostaíochta a bheith á fháil ag duine.

Má tá Sochar Dífhostaíochta (UB) nó Cúnamh Dífhostaíochta (UA) á fháil ag duine, d'fhéadfadh sé/sí bheith i dteideal:

- ❑ Ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) áitiúil (an Bord Sláinte roimhe seo):
  - Forlíonadh Úis Mhorgáiste/Cíosa
  - Cárta Leighis
  - Cárta Coinne Dochtúra
  - An Liúntas Éadaí agus Bróg um Fhilleadh ar Scoil
  - Forlíonadh Bia-aiste

- ❑ Ón Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh:
  - Bónas na Nollag*
  - Liúntas Breosla*
  - Liúntas Breosla Saor ó Dheatach**

- ❑ Ón Údarás Áitiúil:
  - Cíos Difreálach
  - An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)***

*** Bónas na Nollag/Liúntas Breosla** – Bíonn Bónas na Nollag agus an Liúntas Breosla iníoctha leis an gCúnamh Dífhostaíochta tar éis 390 lá, ach ní íoctar leis an Sochar Dífhostaíochta iad.

**** Liúntas Breosla Saor ó Dheatach** – Bíonn an Liúntas Breosla Saor ó Dheatach iníoctha leis an gCúnamh Dífhostaíochta nó leis an Sochar Dífhostaíochta tar éis 13 seachtaine i gceantair bhreosla saor ó dheatach.

*****An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)** – Is ann don Scéim um Chóiríocht ar Cíos do dhaoine a fhaigheann liúntas cíosa ar feadh níos faide ná 18 mí agus a mbíonn cóiríocht fhadtréimhseach de dhíth orthu. Na hÚdaráis Áitiúla a riarann an scéim.